# AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

## RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta nach bhfuil Scairchaipiteal aici)

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH**
**AN 31 NOLLAIG 2021**

**CLÁR NA nÁBHAR**


| | *Leathanach* |
|---|---|
| Comhaltaí na Comhairle agus Eolas Eile | 3 |
| Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle | 4-9 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 10-12 |
| Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 13-15 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 16 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 17 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 18 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 19 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 20-32 |

# AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta nach bhfuil Scairchaipiteal aici)

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta nach bhfuil Scairchaipiteal aici)

**COMHALTAÍ NA COMHAIRLE AGUS EOLAS EILE**

COMHALTAÍ NA COMHAIRLE amhail an 31 Nollaig 2021

Sean O'Driscoll (Uachtarán agus Cathaoirleach)

| | |
|---|---|
| Alan Barrett | Ronan Murphy* |
| Katy Hayward | Ciarán Ó hÓgartaigh* |
| Sandra McNally* | Rowena Pecchenino* |
| Gabriel Makhlouf | Orlaigh Quinn |
| David Moloney | Pat Rabbitte |

Is iad Comhaltaí na Comhairle na Stiúrthóirí ESRI.

*Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta

Tá ceathrar Comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ón gComhairle ar Choiste Iniúchóireachta ESRI.

| | |
|---|---|
| INIÚCHÓIRÍ | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| BAINCÉIRÍ | Banc na hÉireann<br>Sráid an Bhagóid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2<br><br>Havbell<br>2 Cearnóg na Canálach Móire<br>Calafort na Canálach Móire<br>Baile Átha Cliath 2 |
| DLÍODÓIRÍ | Hayes Solicitors<br>Lavery House<br>Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2 |
| RÚNAÍ agus<br>OIFIG CHLÁRAITHE | Charles O'Regan<br>Cearnóg Whitaker<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2 |

Eagraíocht neamhbhrabúsach is ea ESRI atá cláraithe mar charthanas faoin gcláruimhir CHY5335.

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta nach bhfuil Scairchaipiteal aici)

**TUAIRISC CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE 2021**

Tá a dtuairisc agus ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 á gcur i láthair ag comhaltaí na Comhairle.

**Príomhghníomhaíochtaí**

Tugann an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) faoi thaighde a dheartar le heolas a chur ar fáil a bhaineann leis na mórfhadhbanna eacnamaíochta agus sóisialta in Éirinn a réiteach.

**Athbhreithniú Airgeadais**

Is é is aidhm don Institiúid cistiú leordhóthanach a chruinniú lena chinntiú gur féidir a cuid costas a chlúdach agus a clár taighde a sholáthar. Baineadh an méid sin amach in 2021 agus bhí ollbharrachas oibriúcháin €307,728 ann. An straitéis fhadtéarmach atá ann ná leas a bhaint as cláir ilbhliantúla thaighde, arna gcistiú ag ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, le hinbhuanaitheacht airgeadais a fhorbairt. Is éard a dhéanann na sruthanna cistithe sin ná cinnteacht airgeadais ar leibhéal níos airde a thabhairt don eagraíocht i gcomparáid le tionscadail aonuaire sainchomhairleoireachta. Rinneadh forbairt air sin ar bhonn leanúnach in 2021 agus síníodh comhaontuithe úra cistithe leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus leis an Údarás Náisiúnta Míchumais.

**Príomhrioscaí**

Is é an staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn* an tionscadal is mó atá ag ESRI (€1.6m). Ghlac ESRI, an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) an cinneadh go n-aistreofaí an staidéar chuig CSO tar éis 2022. D'aithin an cinneadh seo go raibh an staidéar chomh tábhachtach anois gur cheart é a neadú níos mó i gcórais bhailithe sonraí oifigiúla an Stáit. De bhun an chinnidh seo, cuireadh tús le plé in 2019 idir na trí ghníomhaireacht maidir le conas a dhéanfaí an t-aistriú a bhainistiú. Beidh tionchar suntasach airgeadais aige seo ar ESRI tar éis 2022. Tá foinsí ioncaim athsholáthair á scrúdú lena n-áirítear an fhéidearthacht spás oifige a ligean ar cíos a bheidh ar fáil tar éis an aistrithe.

Tá an Chomhairle agus an bhainistíocht ag déanamh monatóireacht ar phaindéim Covid-19 ar bhonn leanúnach. Tá an fhoireann ag obair ó chian agus leantar ag cur seirbhísí ar fáil, nuair is féidir. Beidh an fhoireann ag filleadh ar an oifig ó mhí na Bealtaine 2022 agus beidh samhail oibre hibrideach i bhfeidhm ar feadh tréimhse trialach. Cé nach féidir le ESRI tionchar an Covid-19 ar a sreafaí airgid a thuar go hiontaofa, tá monatóireacht ghéar á dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar oibríochtaí ESRI agus cuirtear réamhaisnéisí rialta ar shreabhadh airgid ar fáil don Chomhairle agus do mháthair-roinn ESRI [DPER].

**Stádas Dlíthiúil**

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta is ea ESRI, a corpraíodh in 1960 faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1908-1959, agus atá cláraithe in Éirinn faoin gcláruimhir 18269. Is í an oifig chláraithe Cearnóg Whitaker, Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2.

Cé gur cuideachta faoi dhliteanas teoranta ESRI, tá sí díolmhaithe ón bhfocal "teoranta" a úsáid mar chuid dá hainm. Eagraíocht neamhbhrabúsach atá inti atá cláraithe mar charthanas faoin gcláruimhir CHY5335.

**Sláinte agus Sábháilteacht**
Tá ESRI tiomanta do na riachtanais san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, a chur i bhfeidhm, le sláinte agus sábháilteacht fostaithe uile na hInstitiúide agus na gcuairteoirí ar fad ar ESRI a dheimhniú. Táthar i ndiaidh ráiteas scríofa maidir le sábháilteacht a ullmhú atá á chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an Acht.

**Comhionannas**
Fostóir comhdheiseanna atá in ESRI.

**Iniúchóirí**
Faoi Alt 5 in Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá sé mar fhreagracht ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ráitis airgeadais na hInstitiúide a iniúchadh. I dtuairim chomhaltaí na Comhairle, níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchta ann nach bhfuil iniúchóirí na cuideachta ar an eolas ina taobh.

**Rialachas**
Baintear tairbhe in ESRI as neamhspleáchas acadúil iomlán agus is dá cuid síntiúsóirí (os cionn 300 cuideachta agus duine aonair faoi láthair) atá sí freagrach i ndeireadh na dála. Is í an Chomhairle bord stiúrthóirí éifeachtach na hInstitiúide. Freastalaíonn Rúnaí na Cuideachta agus beirt ionadaithe ón gCoiste Bainistíochta ar chruinnithe na Comhairle gan vóta. Seachas Stiúrthóir na hInstitiúide, ar comhalta ex-officio é, ní thugtar luach saothair do chomhaltaí Chomhairle ESRI.

Tá an Stiúrthóir agus foireann na hard-bhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúir ESRI ó lá go lá. Ní mór don Stiúrthóir agus foireann na hard-bhainistíochta cloí leis an treoir straitéiseach ghinearálta a leagann an Chomhairle agus a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí ar fad a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha a d’fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Chomhairle agus lucht bainistíochta na hInstitiúide.

Tá ESRI faoi réir na rialacha atá i bhfeidhm i gcás eagraíochtaí Stáit i dtaca le híocaíochtaí prasa, nochtadh, bainistiú riosca agus imréiteach cánach. Lena chois sin, tá ESRI faoi shainchúram Oifig an Ombudsman agus Oifig an Ombudsman do Leanaí.

**Freagrachtaí na Comhairle**
Tá ról agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach in Airteagail Chomhlachais ESRI.

Forchoimeádtar na príomhábhair seo a leanas do chinneadh na Comhairle:

- Cuspóirí fadtéarmacha agus straitéis oibriúcháin na heagraíochta a fhaomhadh.
- Fáltais agus infheistíochtaí suntasacha a fhaomhadh.
- Conarthaí móra a fhaomhadh.
- An buiséad bliantúil oibriúcháin agus buiséad bliantúil caiteachais chaipitiúil a fhaomhadh.
- An Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh.
- Ceapachán agus Luach Saothair an Stiúrthóra.

Ceanglaítear ar chomhaltaí na Comhairle ráitis airgeadais a ullmhú ina dtugtar léargas fírinneach cóir ar staid airgeadais na cuideachta agus ar bharrachas nó easnamh na cuideachta don bhliain. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar chomhaltaí na comhairle na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin.

- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- na ráitis airgeadais a ullmhú de réir choincheap an ghnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.
- aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Deimhníonn comhaltaí na Comhairle go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta acu. Tá comhaltaí na Comhairle freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil ina nochtar ag aon am, go réasúnach beacht, staid airgeadais na cuideachta, agus le cur ar a gcumas dóibh a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ag cloí le hAcht na gCuideachtaí, 2014. Anuas air sin, tá siad freagrach as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha eile a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean bliantúil a fhaomhadh. An 24 Feabhra 2022, rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht ESRI de réir an phlean bhliantúil.

Tá pearsanra fostaithe ag an gcuideachta atá cáilithe mar is cuí, agus tá córais chuí chuntasaíochta ríomhairithe i bhfeidhm, lena chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta leordhóthanacha i gcomhréir le hAlt 281 go hAlt 285 in Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá na taifid chuntasaíochta lonnaithe in oifig chláraithe na cuideachta i gCearnóg Whitaker, Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2.

Measann an Chomhairle go dtugtar léargas fírinneach cothrom i ráitis airgeadais ESRI ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais ESRI amhail an 31 Nollaig 2021.

In Eanáir 2022, rinne an Chomhairle athbhreithniú féinmheasúnaithe ar a éifeachtaí agus atá sí. Tá sé beartaithe athbhreithniú seachtrach a dhéanamh gach trí bliana. Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag an gCoiste Gnó agus Oibríochtaí ar a bhfeidhmíocht agus tuairiscíodh chun na Comhairle ina leith.

### Struchtúr na Comhairle

Faoi láthair tá Cathaoirleach ar an gComhairle mar aon le deichniúr comhaltaí eile. Maidir le comhaltaí na Comhairle a ceapadh ó bhí 2015 ann, ceaptar iad i dtús báire ar feadh tréimhse trí bliana. Bhí ceithre chruinniú ag an gComhairle in 2021. Sa tábla thíos, tugtar tréimhse an cheapacháin do na comhaltaí reatha:

| Comhalta na Comhairle | Ról | Dáta an Cheapacháin | Críoch an Téarma Reatha |
|---|---|---|---|
| An tUas. David Moloney | Comhalta | 23/11/2010 | 23/11/2022 |
| An tOllamh Alan Barrett | Comhalta | 01/07/2015 | 01/07/2025 |
| An tUas. Ronan Murphy | Comhalta | 28/02/2017 | 28/02/2023 |
| An tUas. Sean O’Driscoll (Cathaoirleach) | Comhalta | 28/02/2017 | 28/02/2023 |
| An tOllamh Rowena Pecchenino | Comhalta | 28/02/2017 | 28/02/2023 |
| An tUas. Pat Rabbitte | Comhalta | 28/02/2017 | 28/02/2023 |
| An Dr Orlaigh Quinn | Comhalta | 22/05/2018 | 22/05/2024 |
| An tUas. Gabriel Makhlouf | Comhalta | 23/05/2020 | 23/05/2023 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An tOllamh Katy Hayward | Comhalta | 30/09/2021 | 30/09/2024 |
| An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh | Comhalta | 30/09/2021 | 30/09/2024 |
| An tOllamh Sandra McNally | Comhalta | 30/09/2020 | 30/09/2024 |

Nóta: Is é an tOllamh Alan Barrett Stiúrthóir reatha ESRI agus suíonn sé ar an gComhairle ar feadh a théarma mar Stiúrthóir.

Tá ceithre choiste curtha ar bun ag an gComhairle, mar atá:

1- **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** tá ceathrar comhaltaí ón gComhairle air seo. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an gComhairle i dtaca le freagrachtaí na Comhairle as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus as an dearbhú a ghabhann leo. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Is éard a dhéanann an Coiste, go háirithe, ná a chinntiú go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais an rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Chomhairle i ndiaidh gach cruinnithe.

   Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: an tUas. Ronan Murphy (Cathaoirleach), an tOllamh Rowena Pecchenino, an tOllamh Ciarásn Ó hÓgartaigh agus an tOllamh Sandra McNally. Freastalaíonn an tOllamh Alan Barrett ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ina cháil mar Stiúrthóir na hInstitiúide. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2021. D'fhóin an tUas. John Martin ar an gcoiste go dtí Bealtaine 2021. Tháinig an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh agus an tOllamh Sandra McNally isteach ar an gcoiste i Meán Fómhair 2021

2- **Coiste Gnó agus Oibríochtaí:** tá ceathrar comhaltaí ón gComhairle air seo. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste seo: an tUas. Pat Rabbitte (Cathaoirleach), an tOllamh Alan Barrett, an tUas. David Moloney agus an tOllamh Katy Hayward. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste seo in 2021. D'fhóin an tOllamh Sally Shortall ar an gcoiste go dtí gur tháinig deireadh lena téarma ar an gComhairle i mBealtaine 2021. Tháinig an tOllamh Katy Hayward ar an gcoiste i Meán Fómhair 2021

3- **Coiste Rialachais agus Ainmniúchán:** tá cúigear comhaltaí ón gComhairle air seo. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste seo: an tUas. Sean O'Driscoll (Cathaoirleach), an tOllamh Alan Barrett, an tOllamh Rowena Pecchenino, an Dr Orlaigh Quinn agus am tUas. Pat Rabbitte. Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste in 2021

4- **Coiste Ballraíochta**: tá triúr Comhaltaí Comhairle agus an Stiúrthóir ar an gCoiste. Is iad comhaltaí an choiste: an tUas. Sean O'Driscoll (Cathaoirleach), An tUas. Ronan Murphy, an tUas. Gabriel Makhlouf, an tOllamh Alan Barrett. Bhí cruinniú amháin den choiste seo in 2021

**Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas**

Leagtar amach thíos sceideal an tinrimh ar chruinnithe na Comhairle agus na gCoistí in 2021:

| | Comhairle | Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | Coiste Gnó agus Oibríochtaí | Coiste Rialachais agus Ainmniúchán | Coiste Ballraíochta | Speansais |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gCruinnithe | 4 | 4 | 3 | 1 | 1 | |
| | | | | | | |
| **Tinreamh** | | | | | | |
| Alan Barrett | 4 | 4 | 3 | 1 | 1 | - |
| Pádraig Dalton | - | - | - | - | - | - |
| John Martin | 2 | 2 | - | - | - | - |
| Gabriel Makhlouf | 1 | - | - | 1 | 1 | - |
| David Moloney | 2 | - | 2 | - | - | - |
| Ronan Murphy | 2 | 4 | - | - | 1 | - |
| Sean O'Driscoll | 4 | - | - | 1 | 1 | - |
| Rowena Pecchenino | 3 | 4 | - | 1 | - | - |
| Orlaigh Quinn | 2 | - | - | - | - | - |
| Pat Rabbitte | 4 | - | 3 | 1 | - | - |
| Sally Shortall | 1 | - | 2 | - | - | - |
| Katy Hayward | 2 | - | 1 | - | - | - |
| Ciarán Ó hÓgartaigh | 2 | 1 | - | - | - | - |
| Sandra McNally | 2 | 1 | - | - | - | - |

Ní fhaigheann Comhaltaí na Comhairle táille. Déantar na speansais a thabhaítear agus iad ag freastal ar chruinnithe na Comhairle agus na gCoistí eile a aisíoc le comhaltaí. Níor íocadh aon speansais thar ceann aon chomhaltaí ón gComhairle.

**Príomhathruithe Pearsanra**

Tháinig deireadh le téarma an Uasail John Martin i mBealtaine 2021

Tháinig deireadh le téarma an Ollaimh Sally Shortall i mBealtaine 2021

Tháinig deireadh le téarma an Uasail Pádraig Dalton i mí Aibreáin 2021

Ceapadh an tOllamh Katy Hayward i mí Mheán Fómhair 2021

Ceapadh an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh i mí Mheán Fómhair 2021

Ceapadh an tOllamh Sandra McNally i mí Meán Fómhair 2021

**Nochtuithe a éilítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016**

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go bhfuil ESRI i ndiaidh cloí leis na riachtanais sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an cód”) mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear na nochtuithe seo a leanas sa Chód:

**Costais Sainchomhairleoireachta**

I gcás costais sainchomhairleoireachta, cuirtear san áireamh an costas as comhairle sheachtrach ar an lucht bainistíochta ach ní chuirtear san áireamh feidhmeanna "gnó mar is gnách" seachfhoinsithe.

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Dlí | 31,236 | 8,791 |
| Airgeadas | 22,286 | 10,560 |
| Acmhainní Daonna agus Pinsean | 28,558 | 16,144 |
| Eile | 15,164 | 29,011 |
| Ballraíocht | 138,038 | - |
| Iomlán | **235,282** | **64,506** |

**Costais Dlí agus Socraíochtaí**

Níor tabhaíodh costais dlí in 2021.

**Caiteachas Taistil agus Cothaithe**

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| Comhairle | - | - |
| Fostaithe | - | 4,839 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| Comhairle | - | 1,258 |
| Fostaithe | 3,252 | 12,140 |
| **Iomlán** | **3,252** | **18,237** |

**Caiteachas ar Fháilteachas**

Tá an caiteachas seo a leanas san áireamh sa ráiteas ar ioncam agus caiteachas:

| | **2021**<br>**€** | **2020**<br>**€** |
|---|---|---|
| Ciste Spórt agus Sóisialta na Foirne / Fáilteachas | 9,616 | 1,760 |
| Fáilteachas Cliant | 371 | 38 |
| **Iomlán** | **9,987** | **1,798** |

**Ráiteas Comhlíontachta**

Tá ESRI i ndiaidh cloí leis na riachtanais sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016, ach amháin na heisceachtaí seo a leanas:

**Na Nósanna Imeachtaí chun Comhaltaí Boird a Aithint agus a Roghnú**

Is iad comhaltaí ESRI a thoghann comhaltaí Chomhairle ESRI mar a leagtar amach sna hAirteagail Chomhlachais agus ní cheaptar iad trí phróiseas na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

**Caiteachas na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide**

Tá maolú faighte ag ESRI ar Chiorclán 02/2016, *Socruithe don Chaiteachas Digiteach agus don Chaiteachas a bhaineann le TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí* ar an ábhar go bhféadfadh sé ualach gnó gan údar a leagan ar ESRI.

Arna síniú thar ceann na Comhairle

Sean O'Driscoll
Cathaoirleach ar an gComhairle — Dáta: 30 Bealtaine 2022

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

**Raon feidhme na bhFreagrachtaí**

Thar ceann Chomhairle na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, aithním an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go gcuirtear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh ar fáil agus i bhfeidhm. Mar chuid den fhreagracht sin, cuirtear san áireamh na riachtanais sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach a thabhairt, seachas dearbhú iomlán, go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is ceart agus go ndéantar earráidí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar bun in ESRI don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais, diomaite den cheist rialaithe inmheánaigh a luaitear thíos.

**An Inniúlacht chun plé le Rioscaí**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag ESRI ar a bhfuil triúr comhaltaí ón gComhairle a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, arb é an Cathaoirleach duine acu. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2021.

Tá feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí seachfhoinsithe ag ESRI, atá ag feidhmiú i gcomhréir le cairt ina chuirtear san áireamh an treoir a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016. Déantar anailís ar an riosca a bhfuil an Institiúid neamhchosanta air lena gcuirtear eolas ar fáil do chlár oibre na hiniúchóireachta inmheánaí. Tugann an Coiste Iniúchóireachta tacaíocht don anailís ar riosca agus do phleananna na hiniúchóireachta inmheánaí, a ndéanann an Chomhairle iad a fhaomhadh.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ina leagtar amach inghlacthacht riosca an choiste, na próisis atá ar bun le riosca a bhainistiú, agus tugtar cur síos ann freisin ar róil agus freagrachtaí na mball foirne i dtaobh riosca. Eisíodh an beartas chuig na baill foirne go léir atá le bheith ag obair de réir bheartais ESRI le riosca a bhainistiú, chun an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn, chun laigí a stiúradh agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse féin oibre.

**Creat riosca agus rialaithe**

Tá bearta glactha ag an gComhairle lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chuí ann ar na bealaí seo:

- freagrachtaí an lucht bainistíochta a shainmhíniú go soiléir agus
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go mbíonn gníomh cuí ceartaitheach ann.

Tá córas an rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat ina bhfuil gnéithe áirithe: faisnéis rialta faoi bhainistíocht, nósanna imeachta riaracháin – dealú dualgas an áireamh – agus córas tarmligin agus freagrachta. Tá na nithe seo a leanas mar chuid de, go sonrach:

- córas cuimsitheach buiséadaithe agus buiséad bliantúil a ndéanann an Chomhairle athbhreithniú air agus é a chomhaontú;
- athbhreithnithe rialta ag an gComhairle ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht airgeadais in iúl taobh le tuarthaí;
- spriocanna a leagan síos le feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe don infheistíocht chaipitiúil atá sainmhínithe go soiléir;
- disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal;
- córais leis na sócmhainní a chosaint;

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easpaí rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don Chomhairle, nuair is cuí, in am trátha. Ar bhonn bliantúil, ar a laghad, cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil ar fáil don Chomhairle maidir le gníomhaíocht na hiniúchóireachta inmheánaí. Áirítear sa tuarascáil tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh maidir le dóthain agus feidhmiú an rialaithe inmheánaigh le rioscaí a mhaolú agus/nó a bhainistiú.

Dearbhaím go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas ar bun:

1- rinneadh na rioscaí is mó agus na rialuithe a bhaineann leo a aithint agus tá próisis curtha ar bun le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe tábhachtacha sin agus le haon easpaí a aithnítear a thuairisciú,

2- tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais ag baint leis,

3- athbhreithnithe rialta ag an ardbhainistíocht ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht in iúl i gcoinne buiséad/tuarthaí.

**Soláthar**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag ESRI lena chinntiú go mbítear ag cloí leis na rialacha agus treoirlínte reatha a bhaineann le soláthar. Dírítear aird ar nithe atá ag teacht chun cinn maidir le rialuithe a bhaineann le soláthar sna saincheisteanna thíos maidir le rialú.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Comhairle ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair an iniúchóra inmheánaigh, an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Institiúid a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus cothabháil ar an gcreat rialaithe airgeadais, agus tuairimí a thugann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó tuarascálacha eile.

Leanann an Institiúid den bhforbairt ar a chóras rialaithe inmheánaigh trí nósanna imeachta leanúnachais gnó a bheachtú agus trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar an gcreat bainistíochta riosca.

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta nach bhfuil Scairchaipiteal aici)

Dearbhaím go bhfuil athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021. Chuir an Chomhairle an t-athbhreithniú i gcrích an 24/02/22.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**
Sainaithníodh san Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais 2020 caiteachas soláthair neamhchomhlíontach. Tá an staid nuashonraithe maidir leo siúd liostaithe thíos.

**Seirbhísí Bainistíochta Saoráidí**
Cuireadh síneadh leis an gconradh don soláthraí reatha go dtí Lúnasa 2022. Tá próiseas soláthair nua le bheith ann in 2022.

**Seirbhísí Dlí**
Reáchtálfar próiseas soláthair nua in 2023 tar éis aistriú an Staidéir *Ag Fás Aníos in Éirinn* go dtí an Phríomh-Oifig Staidrimh agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lán[háirtíochta agus Óige.

**Seirbhísí Cóipeagarthóireachta**
Tá an próiseas soláthair curtha i gcrích agus tá creat foirmiúil soláthraithe bunaithe mar a theastaíonn faoi rialacháin soláthair.

**Ligean Oifige**
Tá an conradh seo curtha i gcrích.

**Taighde**
Bronnadh tairiscint ar sheirbhísí a bhain le Suirbhé agus agallaimh tar éis fógra a fháil trí OLEU agus eTenders. Tá an conradh seo fós ar siúl. Cuirfear tús le próiseas tairisceana nua in 2022..

Arna síniú thar ceann na Comhairle.

Sean O'Driscoll
Cathaoirleach ar an gComhairle

Dáta: 30 Bealtaine 2022

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 faoi mar a éilítear de réir alt 5 in Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Tá na nithe seo sna ráitis airgeadais: an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus na cúlchistí ioncaim choinnithe, an ráiteas ar an staid airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí a ghabhann leis, beartais shuntasacha chuntasaíochta san áireamh.

I mo thuairimse, maidir leis na ráitis airgeadais

- tugtar léargas fíor cothrom iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta amhail an 31 Nollaig 2021, agus ar a ioncam agus caiteachas le haghaidh 2021
- ullmhaíodh i gceart iad de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*, agus
- ullmhaíodh i gceart iad de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

### *Bunús na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Institiúid agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leordhóthanach agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam le bunús a thabhairt don tuairim atá agam.

### *Conclúidí a bhaineann leis an ngnóthas leantach*

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ag comhaltaí na Comhairle ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Mar a chuirtear síos san aguisín leis an tuarascáil seo, tagaim ar chonclúid maidir leis na nithe seo:

- a oiriúnaí agus atá sé do chomhaltaí na Comhairle bonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht a úsáid agus
- cé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le teagmhais nó coinníollacha a bhféadfadh amhras suntasach ann dá bharr ó thaobh an Institiúid a bheith ábalta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

## Tuairim ar nithe arna bhforordú in Acht na gCuideachtaí, 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, agus air sin amháin, tuairiscím, i mo thuairimse

- go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuairisc chomhaltaí na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais, agus
- gur ullmhaíodh tuairisc chomhaltaí na Comhairle de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasaim a bheith riachtanach faighte agam chun críocha an iniúchta.

Is é an tuairim atá agam gur leordhóthanach taifid chuntasaíochta na hInstitiúide gur féidir iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ceanglaítear orm le hAcht na gCuideachtaí 2014 freisin tuairisc a thabhairt más rud é, i mo thuairim, nach nochtaítear luach saothair agus idirbhearta chomhaltaí na Comhairle a cheanglaítear le hailt 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

## Tuairisc ar fhaisnéis diomaite de na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá tuarascáil agus ráiteas ar rialú inmheánach curtha i láthair ag comhaltaí na Comhairle leis na ráitis airgeadais. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Mark Brady**
**Thar ceann agus ar son an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**31 Bealtaine 2022**

## Aguisín leis an Tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí na Comhairle

Mar a thugtar le fios i dtuairisc chomhaltaí na Comhairle, tá comhaltaí na Comhairle freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi Acht na gCuideachtaí, 2014,
- lena chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom de réir FRS 102
- le rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- le measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil sé cuí coincheap cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- rialú inmheánach a chur i bhfeidhm, de réir mar a chinneann siad a dhéanamh, go mbeifear in ann ráitis airgeadais a ullmhú a bheidh saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm, faoi Alt 5 in Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ráitis airgeadais na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt mar gheall orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam, agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, dearbhú réasúnach a fháil maidir lena bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Ardleibhéal dearbhaithe atá sa dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú é go mbraithfear i gcónaí ar mhíráiteas ábhartha mar chuid d'iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna nuair atá a leithéid ann. Féadtar míráitis teacht chun cinn mar gheall ar chalaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ceann ar cheann nó ina n-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bíonn breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agam agus cloím leis an sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Déanaim na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais a aithint agus a mheas, bíodh sé sin mar gheall ar chalaois nó ar earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a fheidhmiú a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach cuí chun bonn a chur ar fáil don tuairim atá agam. Is mó riosca atá ann nach n-aimseofar míráiteas ábhartha a thagann as calaois ná míráiteas ábhartha a thagann as earráid, ar an ábhar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh bheartaithe, mífhaisnéis, nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist leis an gcalaois.
- Bainim amach tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh le nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheadh iomchuí sna himthosca, ach ní le tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Tagaim ar chonclúid maidir le chomh fóirsteanach agus atá coincheap cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, faoina bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le teagmhais nó coinníollacha a mbeadh amhras suntasach ann dá bharr ó thaobh ESRI a bheith ábalta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach de. Má thagaim ar chonclúid go bhfuil éiginnteacht ábharach ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil na nochtuithe sin leordhóthanach, ceanglaítear orm mo thuairim a mhionathrú. Tá na conclúidí atá luaite agam bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta na tuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith ina gcúis leis ESRI éirí as a bheith mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus déanaim measúnú le fáil amach an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach atá curtha i láthair go cothrom.

Déanaim cumarsáid leis na daoine sin a bhfuil sé de chúram orthu rialachas a dheimhniú, maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a thugaim faoi deara le linn an iniúchta, i measc nithe eile.

#### Faisnéis anuas ar na ráitis airgeadais

Maidir leis an tuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais, ní chlúdaítear ansin an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair mar aon leis na ráitis sin, agus ní thugaim conclúid dhearbhaithe ina leith. I dtaca leis an iniúchadh a dhéanaim ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear faoi mo bhráid a léamh agus, nuair atá an méid sin á dhéanamh agam, breithniú a dhéanamh maidir lena bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an bhfuil an chuma ar chúrsaí go bhfuil míshonrú ábhartha á dhéanamh ar bhealach eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha den fhaisnéis eile seo, caithfidh mé an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh ag tagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Má aithním nithe ábhartha a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí, déanaim an méid sin a thuairisciú.Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Má aithním aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí ar mhaithe leis na cúiseanna a bhí beartaithe, nó cás nár cloíodh in idirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú, déanaim an méid sin a thuairisciú.

## RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM CHOINNITHE DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

| | *Nótaí* | *2021* | *2020* |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Deontas ón Oireachtas - An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Vóta 11 Fotheideal A3 | | 3,000,000 | 2,775,000 |
| Ioncam Taighde | 2 | 8,364,265 | 7,057,377 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 3 | 235,350 | 144,016 |
| Ioncam Iomlán | | 11,599,393 | 9,976,393 |
| **Caiteachas** | | | |
| Luach Saothair | 4 | 8,835,332 | 8,284,244 |
| Costais Dhíreacha Tionscadal | 5 | 1,039,755 | 471,974 |
| Teaghlachas | 6 | 790,494 | 760,267 |
| Riarachán | 7 | 626,306 | 438,921 |
| Caiteachas Iomlán | 6 | 11,291,887 | 9,955,406 |
| Barrachas don Bhliain roimh Leithreasaí/Aistrithe | | 307,728 | 20,987 |
| Aistriú ón gCúlchiste Caipitil | 19 | 85,000 | 85,000 |
| Barrachas don Bhliain i ndiaidh Leithreasaí/Aistrithe | | 392,728 | 105,987 |
| Iarmhéid Deireadh amhail an 1 Eanáir | 19 | 1,382,018 | 1,276,031 |
| Iarmhéid arna thabhairt ar aghaidh amhail an 31 Nollaig | 19 | 1,774,746 | 1,382,018 |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 22 mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo. Ba chóir iad a léamh in éineacht a chéile.

Sean O'Driscoll
Comhalta na Comhairle: Dáta: 30 Bealtaine 2022

Alan Barrett
Comhalta na Comhairle: Dáta: 30 Bealtaine 2022

**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH**

| | *2021* | *2020* |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain i ndiaidh Leithreasaí/Aistrithe | 392,728 | 105,987 |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsin | (558,000) | (302,000) |
| Athrú ar thoimhdí dliteanais pinsin | (5,647,000) | (4,455,000) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain | (6,205,000) | (4,757,000) |
| Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin ón Státchiste | 6,205,000 | 4,757,000 |
| Gnóthachain/(Caillteanais) iomlána a aithníodh don bhliain | 392,728 | 105,987 |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 22 mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo. Ba chóir iad a léamh in éineacht a chéile.

Sean O'Driscoll
Comhalta na Comhairle: Dáta: 30 Bealtaine 2022

Alan Barrett
Comhalta na Comhairle: Dáta: 30 Bealtaine 2022

## RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2021

| | *Nótaí* | amhail an 31 Nollaig 2021 € | amhail an 31 Nollaig 2020 € |
|---|---|---|---|
| SÓCMHAINNÍ SEASTA | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 8 | 10,691,984 | 10,982,217 |
| SÓCMHAINNÍ REATHA | | | |
| Fardal | | 1,562 | 3,302 |
| Infháltais | 9 | 1,808,725 | 1,509,081 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 10 | 3,648,672 | 2,969,249 |
| | | 5,458,959 | 4,481,632 |
| DLITEANAIS REATHA | | | |
| Suimeanna Iníoctha (Suimeanna atá dlite taobh istigh de bhliain) | 11 | 5,070,357 | 4,250,515 |
| GLANSÓCMHAINNÍ REATHA | | 388,602 | 231,117 |
| SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA lúide DLITEANAIS REATHA | | 11,080,586 | 11,213,334 |
| Iasachtaí Fadtéarmacha (Suimeanna atá dlite i ndiaidh bliana) | 12 | 6,335,840 | 6,776,316 |
| Dliteanas Pinsin Fadtéarmach | 17 | (82,382,000) | (74,604,000) |
| Lúide | | | |
| Sócmhainní Iarchurtha Pinsin | 17 | 82,382,000 | 74,604,000 |
| | | 4,744,746 | 4,437,018 |
| GLANSÓCMHAINNÍ | | | |
| Léiriú ar | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 19 | 1,774,746 | 1,382,018 |
| Cúlchiste Caipitil | 19 | 2,970,000 | 3,055,000 |
| | | 4,744,746 | 4,437,018 |

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta nach bhfuil Scairchaipiteal aici)

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí ó 1 go 22 mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais seo. Ba chóir iad a léamh in éineacht a chéile.

Sean O'Driscoll
Comhalta na Comhairle: Dáta: 30 Bealtaine 2022

Alan Barrett
Comhalta na Comhairle: Dáta: 30 Bealtaine 2022

## RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Sreabhadh Airgid Glan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Farasbarr Ioncaim a sháraíonn Caiteachas | 307,728 | 20,987 |
| Dímheas agus Lagú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh | 392,581 | 407,961 |
| (Méadú)/Laghdú) ar Infháltais | (299,644) | 847,760 |
| Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha | 823,806 | 835,624 |
| (Méadú)/Laghdú) san Fhardal | 1,740 | 322 |
| Íocaíocht úis ar an morgáiste sa bhliain | 31,992 | 47,380 |
| Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | 1,251,348 | 2,147,894 |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Glansreafaí Airgid Réadmhaoine, | (102,348) | (39,903) |
| Gléasra agus Trealaimh a fháil ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | (102,348) | (39,903) |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | (437,585) | (473,382) |
| Aisíocaíochtaí morgáiste sa bhliain | (31,992) | (47,380) |
| Íocaíocht úis ar an morgáiste sa bhliain | (469,577) | (520,762) |
| Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe | | |
| **Glanmhéadú/(Laghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid** | 679,423 | 1,587,229 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir | 2,969,249 | 1,382,020 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig** | 3,648,672 | 2,969,249 |

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS, AGUS ATÁ MAR CHUID DÍOBH, DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Is iad seo a leanas na príomhbheartais chuntasaíochta a ghlac an Institiúid leis na suimeanna atá sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais a shocrú agus le torthaí na bliana a chinneadh. Táthar i ndiaidh iad a chur i bhfeidhm go seasta i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

**a) Eolas Ginearálta**

Bunaíodh an Institiúid an 24 Meitheamh 1960 mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta. An Institiúid Taighde Eacnamaíochta a tugadh uirthi an tráth sin. Athraíodh teideal na hInstitiúide ina dhiaidh sin go dtí an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Tá an cheannoifig ar Chearnóg Whitaker, Cé Sir John Rogerson.

Cuireann an Institiúid taighde ar fáil a chuireann leis an tuiscint ar an athrú eacnamaíochta agus sóisialta sa chomhthéacs nua idirnáisiúnta agus a chuireann bonn eolais faoi cheapadh beartais phoiblí agus faoin tsochaí shibhialta in Éirinn.

**B) Ráiteas Comhlíontachta**

Rinneadh ráitis airgeadais na hInstitiúide a ullmhú don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, agus i gcomhréir le FRS 102, is é sin an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

**c) Bunús an Ullmhúcháin**

Úsáideadh coinbhinsiún an chostais stairiúil leis na ráitis airgeadais a ullmhú, diomaite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a ndéantar iad a thomhas ar luachanna córa. Tugtar míniú ar an méid sin sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a fhaomhtar in Achtanna na gCuideachtaí agus sa chleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis (GAAP). Táthar i ndiaidh na beartais chuntasaíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm go seasta earraí á bplé a meastar iad a bheith ábhartha i gcás ráitis airgeadais na hInstitiúide.

**d) Ioncam**

<u>Deontais ón Oireachtas</u>

Aithnítear Ioncam ar bhonn fabhraithe. Tá eisceacht amháin ann air sin, deontais ón Oireachtas, a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

<u>Ioncam Taighde</u>

Is é atá i gceist le hioncam taighde ná luach na hoibre a cuireadh i gcrích ar thionscadail ar leith le linn na bliana. I gcásanna ina ndéanann luach na hoibre a rinneadh ar thionscadal na méideanna a fuarthas nó a sonrascadh a shárú, cuirtear an difear san áireamh sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais faoi infháltais mar obair atá idir lámha. I gcásanna ina mbíonn luach na hoibre a rinneadh níos lú ná na méideanna a fuarthas, cuirtear an difear san áireamh sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais faoi chreidiúnaithe mar ioncam iarchurtha.

<u>Deontais Chaipitil</u>

Maidir le deontais chaipitil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fhaightear i gcomhair costas sócmhainní inláimhsithe, déantar iad a aistriú chun an Chúlchiste Caipitil agus amúchtar iad i gcomhréir le dímheas ar na sócmhainní gaolmhara.

**e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

Luaitear Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh ar a gcostas lúide an dímheas carntha, arna choigeartú d'aon fhoráil le haghaidh bearnúcháin. Déantar dímheas a sholáthar ar an réadmhaoin, gléasra agus trealamh go léir, diomaite de thalamh ruílse agus obair ealaíne, ar rátaí a ndéantar iad a mheas chun an costas lúide an luach iarmharach measta ar gach sócmhainn a dhíscríobh go dronlíneach ina saolré ionchais eacnamaíoch, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh ríomhaireachta | 33.3% |
| Trealamh, daingneáin agus feistis eile | 20% |
| Foirgneamh | 2% |

Is é a léirítear sa luach iarmharach ná an méid measta a gheofaí faoi láthair dá ndéanfaí an tsócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh costais mheasta na diúscartha a bhaint, dá mbeadh an tsócmhainn ar an aois agus sa riocht cheana féin lena mbeifí ag súil i ndeireadh na saolré eacnamaíche.

Má bhíonn fianaise oibiachtúil ann go bhfuil bearnúchán ar luach sócmhainne ann, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

**f) Infháltais**

Aithnítear infháltais ar luach cóir, lúide foráil i gcomhair fiacha amhrasacha. Foráil faoi leith atá san fhoráil i gcomhair fiacha amhrasacha. Déantar an fhoráil a bhunú nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Institiúid ábalta na suimeanna go léir a bhailiú atá dlite di. Aithnítear na gluaiseachtaí go léir san fhoráil i gcomhair fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

**g) Sochair Fostaithe**

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain. Áirítear sochair a fhabhraítear i ndeireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Sochair Scoir

Tá scéim sochair shainithe i bhfeidhm le haghaidh gach fostaí de chuid ESRI, de réir mar is iomchuí. Aistríodh na sócmhainní i scéimeanna pinsin na hInstitiúide chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean an 30 Meitheamh 2010 de réir na bhforálacha san Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Tá an scéim go fóill ag feidhmiú le haghaidh na mball reatha agus gan aon athrú ar shochair ná ar an soláthar gaolmhar le haghaidh na mball.

Tá an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") á feidhmiú ag an Institiúid freisin, ar scéim í a bhfuil sochair shainithe ag baint léi, le haghaidh seirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó tar a éis sin. Íoctar ranníocaíochtaí ó bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Sna costais phinsin, léirítear na sochair phinsin a thuilleann fostaithe. Taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne a chuirtear chun na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aithnítear méid atá ag freagairt don mhuirear pinsin mar ioncam a mhéid go bhfuil sé inghnóthaithe.

Ceanglaítear ar an Institiúid ranníocaíocht bhliantúil an fhostóra a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaobh na scéimeanna a aistríodh chun an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann chun cinn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léirítear ar luach cóir sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais a thagann chun cinn as oibleagáidí pinsin na hInstitiúide agus as aon chistiúchán gaolmhar. Aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina saothraíonn fostaithe iad. Úsáidtear modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa le dliteanais na scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach.

**h) Iasachtaí**

Aithnítear iasachtaí, ar dtús, ar phraghas an idirbhirt (luach reatha an airgid iníoctha, costais idirbhirt san áireamh). Luaitear iasachtaí ina dhiaidh sin ar an gcostas amúchta. Aithnítear costas úis ar bhonn mhodh an úis ghlain agus cuirtear san áireamh é sna costais airgeadais.

Déantar iasachtaí a aicmiú mar dhliteanais reatha ach amháin má bhíonn ceart ann glanadh na hiasachta a chur siar go ceann 12 mhí ar a laghad ó dháta an tuairiscithe.

**i) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta**

Nuair atá na ráitis airgeadais á n-ullmhú, caithfidh an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a imríonn tionchar ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an tuairiscithe agus na suimeanna a thuairiscítear don ioncam agus do na costais le linn na bliana. Mar sin féin, fágann an cineál meastacháin go bhféadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Tá an tionchar is suntasaí i ndiaidh a bheith ag na breithiúnais seo a leanas ar na suimeanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

<u>Lagú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh</u>

Maidir le sócmhainní atá faoi réir amúchta, déantar athbhreithniú orthu le haghaidh bearnúcháin aon uair a léirítear i dteagmhais nó athruithe in imthosca go bhféadfaí nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid trína ndéanann suim ghlanluacha na sócmhainne a méid inghnóthaithe a shárú. Is é atá sa mhéid inghnóthaithe ná an ceann is airde as luach cóir sócmhainne lúide an costas lena díol agus an luach úsáide. Chun measúnú a dhéanamh ar bhearnúchán, déantar sócmhainní a chur ina ngrúpaí ag na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid ann atá inaitheanta ar leithligh (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe ar shócmhainní neamhairgeadais a thiteann faoi bhearnúchán ar eagla go bhféadfaí an bearnúchán a mhalartú.

<u>Dímheas agus Luachanna Iarmharacha</u>

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir, go háirithe ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feistis. Tá siad tagtha ar an gconclúid go bhfuil saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

<u>Oibleagáid Sochair Scoir</u>

Déantar nuashonrú bliantúil ar na toimhdí is bonn leis na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe sna leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí na dtreochtaí i gcostas cúraim sláinte). Déantar an nuashonrú sin bunaithe ar imthosca reatha eacnamaíocha agus bunaithe ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an phlean pinsin agus iarscoir.

Féadfaidh na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, imthosca sa mhargadh saothair amach anseo

(iii) rátaí treochtaí costais le haghaidh cúram sláinte, an ráta boilscithe i gcás costas leighis sna réigiúin ábhartha.

## 2. Ioncam Taighde

| | *2021 Ón Stát* | *2021 Stát-tionscanta* | *2021 Nach ón Stát/CE* | *2021 Iomlán* | *2020 Iomlán* |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| Taighde Coimisiúnaithe | 212,858 | 617,066 | 148,085 | 978,009 | 312,210 |
| Deontais Taighde | 193,984 | 320,594 | 538,346 | 1,052,924 | 1,060,690 |
| Cláir Thaighde | 2,945,220 | 829,289 | 345,110 | 4,119,619 | 4,021,687 |
| Suirbhé *Ag Fás Aníos in Éirinn* | 2,213,713 | - | - | 2,213,713 | 1,662,790 |
| | 5,565,755 | 1,776,949 | 1,031,541 | 8,364,265 | 7,057,377 |

## 3. Ioncam Ilghnéitheach

| | *2021* | *2020* |
|---|---|---|
| | € | € |
| Síntiúis na mball | 24,085 | 33,076 |
| Foilseacháin a díoladh | - | 27 |
| Ioncam ó chíos | 156,695 | 108,705 |
| Ioncam ó thiomsú airgid | 53,333 | - |
| Ioncam Eile | 337 | 2,208 |
| | 235,350 | 144,016 |

## 4. Luach Saothair

### 4.1 Sochair Chomhiomlána Fostaithe

| | | *2021* | *2020* |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Sochair Ghearrthéarmacha | Nóta 4.3 | 7,287,530 | 6,799,700 |
| Costais as Sochair Scoir | | 715,998 | 705,736 |
| Táillí Eile agus Costais as Buanpholasaithe Árachais Sláinte | | 73,812 | 60,445 |
| Ranníocaíocht an Fhostóra leis an Leas Sóisialach | | 757,992 | 718,363 |
| | | 8,835,332 | 8,284,244 |

4.2 Bhí 109 duine fostaithe (coibhéis lánaimseartha) sa bhliain airgeadais (2020: 106). Sa líon sin, bhí 89 (2020: 86) ball buan foirne ann (coibhéis lánaimseartha). Ní chuirtear san áireamh san fhigiúr sin baill foirne a bhíonn fostaithe ar chonarthaí gearrthéarmacha le hagallaimh a dhéanamh. An figiúr don choibhéis lánaimseartha ar 31/12/21 ná 93 (2020:86).

4.3 Sochair Ghearrthéarmacha na mBall Foirne:

| | *2021* | *2020* |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 6,918,297 | 6,455,467 |
| Liúntais | 369,233 | 344,233 |
| | 7,287,530 | 6,799,700 |

4.4 Ón 1 Eanáir 2019 i leith, tá baill de scéimeanna sochar sainithe pinsin ón earnáil phoiblí ag íoc ranníocaíocht aoisliúntais bhreise. Tá an ranníocaíocht sin ann mar gheall ar Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018-2020) agus ar an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Tháinig an ranníocaíocht aoisliúntais bhreise in áit na hasbhainte a bhaineann le pinsean ar cuireadh deireadh léi ag deireadh 2018. Cé gur beart éigeandála sealadach a bhí san asbhaint a bhaineann le pinsean, ranníocaíocht bhuan atá sa ranníocaíocht aoisliúntais bhreise i dtaobh luach saothair inphinsin. Íocadh €254,260 ranníocaíochta aoisliúntais bhreise leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2021 (2020: €230,525).

4.5 Tá costais €2,179 mar chuid den mhuirear ar thuarastail (2020: €1,938) a tabhaíodh chun *Economic and Social Review*, le Staidéar Eacnamaíochta agus Sóisialta, a chur ar fáil. (Féach Nóta 15)

4.6 Luach Saothair Phríomhphearsanra na Bainistíochta

**Stiúrthóir**

| | *2021* | *2020* |
|---|---|---|
| | *€* | *€* |
| Tuarastal | 186,215 | 183,020 |
| Soláthar Aoisliúntais | 46,554 | 45,755 |
| Soláthar Leanúnachais Ioncaim | 3,724 | 3,660 |
| | 236,493 | 232,435 |

Ní dhéanann teidlíochtaí pinsin na teidlíochtaí caighdeánacha a sholáthraítear i scéim eiseamláireach aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí a shárú.

€801 a bhí i gcostais taistil agus chothaithe an Stiúrthóra in 2021 (2020: €1,612). Níor

íocadh aon bhónais ná peorcaisí leis an Stiúrthóir in 2021.

**An Coiste Bainistíochta**

Na Ceannasaithe ar na trí Rannán Taighde (Rannán Eacnamaíochta, Sóisialta agus *Ag Fás Aníos in Éirinn*), an Ceannasaí Airgeadais, an Bainisteoir Acmhainní Daonna agus an Bainisteoir Straitéise agus Oibríochtaí.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 655,784 | 665,324 |
| Liúntais | 55,816 | 59,227 |
| Iomlán | 711,600 | 724,551 |

Táillí agus Speansais an Bhoird

Ní íoctar táillí le comhaltaí Bhord ESRI. Ní bhíonn comhaltaí boird ag taisteal le gnó oifigiúil a dhéanamh mar chomhaltaí den Institiúid. Tá siad i dteideal costais as taisteal agus cothabháil a éileamh as freastal ar chruinnithe boird. Níor thabhaigh comhaltaí an Bhoird aon chostais in 2021 (2020: €1,258).

4.8 Miondealú ar shochair fostaithe

Réimse shochair iomlána na bhfostaithe - Líon na bhfostaithe

| Ó | Go | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| €60,000 | €69,999 | 10 | 10 |
| €70,000 | €79,999 | 5 | 12 |
| €80,000 | €89,999 | 14 | 3 |
| €90,000 | €99,999 | 4 | 4 |
| €100,000 | €109,999 | 6 | 4 |
| €110,000 | €119,999 | 3 | 1 |
| €120,000 | €129,999 | 5 | 5 |
| €130,000 | €139,999 | 1 | 2 |
| €140,000 | €149,999 | 2 | 1 |
| €150,000 | €159,999 | - | 3 |
| €160,000 | €169,999 | 3 | - |
| €170,000 | €179,999 | - | - |
| €180,000 | €189,999 | 1 | 1 |

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear tuarastal, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí ar shochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe i dtaca le seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn thréimhse an tuairiscithe. Ní áirítear ÁSPC an fhostóra, áfach.

## 5. Costais Dhíreacha Tionscadal

| | *2021 €* | *2020 €* |
|---|---|---|
| Sainchomhairleoirí agus Comhpháirtithe Gréasáin | 52,545 | 12,860 |
| Táillí Foirne Allamuigh | 721,616 | 155,979 |
| Costais Dhíreacha Eile | 262,342 | 286,156 |
| Taisteal- Eachtrach | 3,252 | 12,140 |
| Taisteal- Intíre | - | 4,839 |
| | 1,039,755 | 471,974 |

## 6. Costais Teaghlachais

| | *2021* | *2020* |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cíos & Rátaí | 900 | 1,340 |
| Costais Úis | 31,992 | 47,380 |
| Teas, soilsiú, cothabháil agus glanadh | 365,021 | 303,586 |
| Dímheas | 392,581 | 407,961 |
| | 790,494 | 760,267 |

## 7. Riarachán

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Priontáil agus Stáiseanóireacht | 16,216 | 14,002 |
| Postas, árachas, teileafón agus costais ghinearálta[1] | 127,347 | 144,992 |
| Costais Ríomhaireachta (táillí ceadúnais san áireamh) | 208,278 | 179,562 |
| Taisteal | 9,612 | 12,508 |
| Leabhair leabharlainne agus síntiúis | 12,071 | 5,851 |
| Táillí Gairmiúla - Dlí | 31,236 | 8,791 |
| - Cáin agus Airgeadas | 22,286 | 10,560 |
| - Pinsean agus Acmhainní Daonna | 28,558 | 16,144 |
| - Eile | 153,202 | 29,011 |
| Táillí Iniúchóireachta | 17,500 | 17,500 |
| | 626,306 | 438,921 |

[1] Mar chuid den fhigiúr, tá €9,610 (2020: €21,205) a bhaineann le ceaintín na foirne agus le costais eile a bhaineann le baill foirne, le comhdhálacha agus le himeachtaí eile, chomh maith le €9,616 (2020: €1,760) a bhaineann le ranníocaíocht a rinneadh le gníomhaíochtaí spóirt agus gníomhaíochtaí chlub sóisialta na bhfostaithe.

## 8. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| Costas: | *Trealamh ríomh-aireachta* € | *Trealamh, daingeáin agus feistis* € | *Foirgneamh* € | *Iomlán* € |
|---|---|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 709,783 | 679,914 | 15,582,273 | 16,971,970 |
| Breiseanna | 102,348 | - | - | 102,348 |
| Diúscairtí | - | - | - | - |
| Ag deireadh na bliana | 812,131 | 679,914 | 15,582,273 | 17,074,318 |
| Dímheas Carntha: | | | | |
| Ag tús na bliana | 672,868 | 650,132 | 4,666,753 | 5,989,753 |
| Curtha ar fáil i rith na bliana | 57,730 | 23,206 | 311,645 | 392,581 |
| Diúscairtí | - | - | - | - |
| Ag deireadh na bliana | 730,598 | 673,338 | 4,978,398 | 6,382,334 |
| Glanluach leabhair ag tús na bliana | 36,915 | 29,782 | 10,915,520 | 10,982,217 |
| Glanluach leabhair ag deireadh na bliana | 81,533 | 6,576 | 10,603,875 | 10,691,984 |

## 9. Infháltais

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Ioncam ó thionscadail | 317,927 | 177,423 |
| Obair idir lámha | 1,256,505 | 1,111,147 |
| Féichiúnaithe eile agus costais réamhíoctha | 234,293 | 220,511 |
| | 1,808,725 | 1,509,081 |

## 10. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Cuntais Bhainc | 3,649,617 | 2,969,194 |
| Airgead Tirim | 55 | 55 |
| | 3,648,672 | 2,969,249 |

**11. Suimeanna iníoctha (méideanna atá dlite taobh istigh de bhliain)**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cánacha Párolla | 313,693 | 252,077 |
| Cáin Bhreisluacha | 367,249 | 121,759 |
| Ioncam Iarchurtha | 2,437,106 | 2,041,773 |
| Creidiúnaithe Trádála | 75,064 | 65,084 |
| Cistí ar airleacan le haghaidh deiseanna ardacmhainne | 711,810 | 711,810 |
| Costais Fhabhraithe | 606,645 | 606,645 |
| Creidiúnaithe Eile | - | 14,238 |
| Morgáiste Havbell | 439,181 | 437,129 |
| | 5,070,357 | 4,250,515 |

Níl aon urrús curtha ar fáil ag an Institiúid i dtaca leis na creidiúnaithe thuas diomaite de Mhorgáiste Havbell.

**12. Iasachtaí Fadtéarmacha (méideanna atá dlite i ndiaidh bliana)**

| | *2021* | *2020* |
|---|---|---|
| | € | € |
| Morgáiste Havbell: Euribor +1% | | |
| Dlite i ndiaidh bliana | 6,335,840 | 6,776,316 |

Cuireadh tús leis an iasacht mhorgáiste 30 bliain in 2006. Is ag Havbell Teoranta atá an chéad mhuirear dlíthiúil ar an réadmhaoin ar Chearnóg Whitaker, Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2

**13. Cánachas**

Tá an chuideachta díolmhaithe ó dhliteanas i leith cáin chorparáide faoi Alt 227 i Sceideal 4 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

**14. Ceangaltais – Caipiteal agus Eile**

Ní raibh aon ghealltanas caipitil ná ceangaltais eile ag an Institiúid ar dháta an tuairiscithe.

**15. Cuideachta Ghaolmhar**

Ar an 31 Nollaig 2021, bhí an gnóthas gaolmhar seo a leanas ann.

Staidéar Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESS):
Cuideachta chomhlachaithe atá anseo a bunaíodh in 1969 ar thionscnamh ó ESRI le hoideachas phobal na hÉireann sna heolaíochtaí sóisialta agus eacnamaíochta a fhorbairt agus a chur chun. Cuirtear béim ar leith ar dhálaí eacnamaíochta agus sóisialta in Éirinn nó a imríonn

tionchar ar Éirinn. Príomhghníomhaíocht ESS ná an iris *Economic and Social Review* a fhoilsiú. Cuireann ESRI seirbhísí riaracháin ar fáil do ESS ar bhonn pro-bono (Féach Nóta 4.6).

Le linn na bliana, d'íoc an ESRI speansais €22,180 thar ceann ESS. Ar an 31 Nollaig 2021, bhí €26,343 ag ESRI ar ESS.

Caitear leis ESRI agus ESS mar pháirtithe bainteacha ar an ábhar go bhfuil comhaltaí Comhairle i gcoitinne iontu.

**16. Dliteanais Theagmhasacha agus Nithe Eile**

Níl Comhaltaí na Comhairle ar an eolas faoi aon dliteanais theagmhasacha ábhartha ar dháta an tuairiscithe.

**17. Pinsin**

**(a) Dliteanas agus Sócmhainní Pinsin**

Faoi mar atá leagtha amach sa Bheartas Cuntasaíochta (g) thuas, aistríodh na sócmhainní i scéimeanna pinsin na hInstitiúide chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean an 30 Meitheamh 2010 de réir na bhforálacha san *Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009*.

I ndiaidh sócmhainní na scéime a aistriú, ceanglaítear ar ESRI ranníocaíocht bhliantúil pinsin a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ach sochair phinsin a íocann ESRI a chur san áireamh ar dtús. Cuireann an tAcht ar a chumas don Aire aon easnamh sa scéim pinsin ábhartha a chúiteamh mura leor na ranníocaíochtaí a íocann na baill agus an fostóir le hoibleagáidí na scéime sin a chomhlíonadh.

Tá ESRI faoi réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Ó 2012 i leith, tá baill foirne nua a thagann chun na hInstitiúide ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. In Alt 44 den Acht, tá foráil ann i dtaobh íocaíochtaí ón Státchiste nó vóta ag an bhfostóir le haghaidh oibleagáidí scéime.

Tá an cur chuige agus an nochtadh a cheanglaítear leis an gcaighdeán cuntasaíochta Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (Sochair Scoir) curtha in oiriúint ag ESRI leis na socruithe atá i bhfeidhm a chur in iúl. Cé go bhfuil an socrú cistithe ag feidhmiú ar bhonn glanphá leis an Roinn, creidtear in ESRI gur féidir an socrú a chur i gcomparáid le haisíocaíocht iomlán an dliteanais pinsin nuair a bhíonn na dliteanais sin dlite lena n-íoc. Dá bhrí sin aithnítear an ceart chun aisíocaíocht a fháil i gcatagóir eile sócmhainní ar mhéid arb ionann é agus an dliteanas i ndeireadh na bliana.

Is é €82,382,000 dliteanas pinsin FRS 102 ar an 31 Nollaig 2021 (2020: €74,604,000). Tá an figiúr sin bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin i leith fhoireann na hInstitiúide ar an 31 Nollaig 2021. Achtúire cáilithe neamhspleách rinne an luacháil le FRS 102 a chomhlíonadh. Aithnítear sócmhainn iarchurtha €82,382,000 arb ionann í agus an dliteanas amhail an 31 Nollaig 2021 mar shócmhainn i gcatagóir eile sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

| Gluaiseacht sa Dliteanas Pinsin | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Luach Reatha Oibleagáidí na Scéime i dtús na bliana | 74,604,000 | 68,323,000 |
| Costas Reatha Seirbhíse | 2,579,000 | 2,224,000 |
| Costas Úis | 713,000 | 892,000 |
| (Gnóthachan)/Caillteanas Achtúireach | 6,205,000 | 4,757,000 |
| Sochair a Íocadh | (1,719,000) | (1,592,000) |
| Luach Reatha Oibleagáidí na Scéime i ndeireadh na bliana | 82,382,000 | 74,604,000 |

An ghlanéifeacht ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe den mhéid thuas ná nialas.

**(b) Costais Phinsin**

Bhí €3,292,000 ar chostais phinsin na bliana, á dtomhas faoi FRS 102. Úsáidtear méid comhfhreagrach cistithe infhaighte leo sin a fhritháireamh. Leagtar amach thíos an ghlanéifeacht ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costas Reatha Seirbhíse | 2,579,000 | 2,224,000 |
| Ús | 713,000 | 892,000 |
| Íocaíochtaí pinsin nár fritháiríodh | 53,163 | 65,850 |
| Coigeartú ar Chistiúchán Iarchurtha | (3,292,000) | (3,116,000) |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra | 662,835 | 639,886 |
| | 715,998 | 705,736 |

D’íoc ESRI €53,163 le pleananna sochair shainithe aonair (fostaithe ó roimh 1974) óna hacmhainní féin. Ní dhéantar iad a fhritháireamh i gcoinne an mhéid is iníoctha faoin *Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.*

**(c) Ranníocaíochtaí a íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**

D’íoc ESRI ranníocaíochtaí €1,065,914 i (2020: €1,012,050) leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sula gcuirtear san áireamh sochair phinsin is cothrom le €1,644,616 (2020: €1,540,101) a íocadh le linn na bliana. Aisíocadh an difear idir na sochair a d'íoc ESRI thar ranníocaíochtaí a bhí dlite in 2021, is é sin €578,702, leis an Institiúid.

Ranníocaíochtaí an fhostóra €662,835 (2020: €639,886) agus ranníocaíochtaí fostaithe €403,079 (2020: €372,164) a bhí sna ranníocaíochtaí ar an iomlán. Mar chuid de na ranníocaíochtaí fostaithe bhí Ranníocaíochtaí €152,219 don Scéim Pinsin Aonair (2020: €135,402).

**(d) Cur síos ar an Scéim agus Toimhdí Achtúireacha**

Tugann ESRI sochair phinsin mar chuid de thrí scéim pinsin:

- Maoirseoirí, Foireann Cléireachais agus Baill Foirne Riaracháin eile
- Scéim na Foirne Taighde

Is scéimeanna sochair shainithe iad seo. Íoctar ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus ón bhfostóir leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá pinsin sa dá scéim faoi réir na bhforálacha maidir le laghdú pinsin san *Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2), 2010*.

- Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Scéim sochair shainithe atá anseo. Íoctar ranníocaíochtaí ó fhostaithe leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Toimhdí Achtúireacha**

Tá na príomhthoimhdí Airgeadais a úsáideadh amhail ar an 31 Nollaig 2021 agus an 31 Nollaig 2020 sa tábla thíos.
Úsáidtear na toimhdí amhail dáta an tuairiscithe leis an tSócmhainn/Dliteanas Pinsin a chinneadh ar an dáta sin agus chun an costas pinsin don bhliain dár gcionn a chinneadh.

| **Dáta na Luachála** | **31 Nollaig 2021** | **31 Nollaig 2020** |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 1.45% | 0.95% |
| Ardú Tuarastail | 2.7% | 1.85% |
| Ardú Pinsin | 2.7%/2.2% | 1.85%/1.35% |
| Boilsciú (CPI) | 2.2% | 1.35% |

**e) Pinsin a chistiú**

Beidh ranníocaíochtaí measta pinsin €928,716 ón bhfostóir agus ó fhostaithe dlite don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le 2022 sula n-asbhainfear sochair phinsin mheasta €1,603,197 a íocfaidh an Institiúid in 2022. Beidh an glandifríocht, is é sin €674,481, le híoc le ESRI ag an Roinn.

**18. Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann**

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann a bhunaigh Rialtas na hÉireann i Meitheamh 2011. Déanann an comhlacht measúnú ar oiriúnacht réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha, réamh-mheastacháin bhuiséadacha agus staid fhioscach an Rialtais. Déanann an Chomhairle a mhéid a chomhlíontar na rialacha fioscacha reachtaithe a chíoradh. Cuireann ESRI tacaíocht riaracháin ar fáil don Chomhairle.

Tá suim €29,907 san áireamh sna ráitis airgeadais in Infháltais. Léiriú atá ann ar mhéid atá dlite don Institiúid ó Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2021 a bhaineann leis tacaíocht riaracháin a tugadh le linn na bliana.

## 19. Cúlchistí

| | Coinnithe Ioncam Cúlchistí | Caipiteal Cúlchiste | Iomlán Cúlchistí |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021 | 1,382,018 | 3,055,000 | 4,437,018 |
| Barrachas don Bhliain i ndiaidh leithreasú pinsin chun na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 307,728 | - | 307,728 |
| Aistriú ón gCúlchiste Caipitil | 85,000 | (85,000) | - |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021 | 1,774,746 | 2,970,000 | 4,774,746 |

Is é atá sa chúlchiste caipitil ná deontais chaipitil a fuarthas ón Roinn Airgeadais in 2008 agus ón Iontaobhas um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta in 2016 chun cuidiú le ESRI an t-áitreabh a chistiú. Tá méideanna na ndeontas á n-amúchadh ag teacht le dímheas ar an bhfoirgneamh.

## 20. Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara

Is iad an Stiúrthóir agus comhaltaí na Comhairle príomhphearsanra bainistíochta na hInstitiúide. €237,182 an Cúiteamh Iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, costais chomhaltaí na Comhairle agus luach saothair iomlán an Stiúrthóra san áireamh (2020: €235,305).

Le miondealú a fháil ar an luach saothair agus ar na costais a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, féach Nóta 4.7 agus Nóta 4.8.

Ghlac an Chomhairle nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Comhaltaí Boird agus leasanna a nochtadh. Táthar i ndiaidh cloí leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann sa bhliain a raibh leas ag Comhaltaí na Comhairle ann.

## 21. Teagmhais i ndiaidh Dháta an Tuairiscithe agus an Gnóthas Leantach

Níl aon teagmhais ann idir dáta an tuairiscithe agus dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais seo lena n-eisiúint a mbeadh coigeartú ar na ráitis airgeadais ag teastáil dá bharr.

Tá monatóireacht leanúnach á dhéanamh ag an gComhairle agus ag an mbainistíocht ar staid an Covid-19. Beidh an fhoireann ag filleadh ar an oifig ó mhí na Bealtaine 2022 agus beidh samhail oibre hibrideach i bhfeidhm ar feadh tréimhse trialach. Níl raibh aon tionchar ag Covid-19 ar shreafaí airgid ESRI. Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar oibríochtaí ESRI agus cuirtear réamhaisnéisí sreabhadh airgid rialta ar fáil don Chomhairle agus do mháthair-roinn ESRI [An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe].

Rinneadh fiosruithe agus, tar a éis sin, ar an mbonn go leanfar leis an deontas ón Oireachtas ar an leibhéal cuí, tá na Stiúrthóirí den bharúil go bhfuil go leor acmhainní ag an Institiúid chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann tamall fada. Dá réir sin, tá siad i ndiaidh leanúint ar aghaidh úsáid a bhaint as an coincheap an ghnóthais leantaigh leis na ráitis airgeadais a ullmhú.

**22. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

Rinne an Chomhairle na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh an 24 Feabhra 2022.